

P. O'CONNOR & SON

solicitors

notary public

Swinford County Mayo **telephone** 094 9251333 **telefax** 094 9251833

e-mail law@poconsol.ie • **website** www.poconsol.ie • **dx** 52 001

DO THREOIR MAIDIR LE CUMHACHT SHEASMACH ATURNAE A DHÉANAMH

Cad é Cumhacht Aturnae Sheasmhach?

Cáipéis dlí é cumhacht sheasmhach aturnae ina mbronnann tú an chumhacht ar dhuine eile (ar a dtugtar d'aturnae) chun formhór na gcinntí a dhéanamh agus chun cáipéisí dlí a shíniú thar do cheann. Ní féidir le d'aturnae, áfach, cinntí leighis nó cúraim sláinte a dhéanamh thar do cheann. Mar shampla, ní féidir leo toiliú a thabhairt do mháinliacht thar do cheann. Ní bhíonn éifeacht ag cumhacht sheasmhach aturnae ach nuair a chailleann tú inniúlacht.

Cad é Inniúlacht?

Is é inniúlacht an cumas chun cinntí a dhéanamh. Is éard a bhaineann leis ná tuiscint ar na fíricí agus na cúinsí ar a mbunaítear cinneadh, an cumas chun na fíricí agus na cúinsí siúd a choimeád i gcuimhne agus na fíricí siúd a mheas nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh. Meastar go mbíonn cumas ag gach duine go dtí go gcruthaítear a mhalairt. Imríonn breoiteacht, ar nós néaltrú agus Ghalar Alzheimer tionchar ar inniúlacht, agus imríonn gortú trom don inchinn tionchar air, amanna.

Cé ar cheart dó/di Cumhacht Sheasmhach Aturnae a dhéanamh?

Ba cheart go smaoiníodh duine faoi chumhacht sheasmhach aturnae a dhéanamh má

bhíonn buairt orthu faoi inniúlacht a chailleadh nó má cheapann duine gurbh fhéidir go mbeidís thíos le breoiteacht a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a n-inniúlacht amach anseo.

Cé is féidir liom a roghnú le bheith mar m'Aturnae?

Is fútsa atá sé chun d'Aturnae a roghnú. Is féidir leat céile, páirtneir, cara, duine muinteartha, comhghleacaí nó duine eile a roghnú. Is féidir leat breis agus duine amháin a roghnú chun gníomhú mar d'Aturnae.

Conas is féidir liom Cumhacht Sheasmhach Aturnae a dhéanamh?

Caithfear Cumhacht Sheasmhach Aturnae a chur i gcrích de réir treoirlinnte diana dlíthiúla. Caithfidh tú féin agus d'Aturnae nó d'Aturnaetha é a shíniú ina dhiaidh sin. Caithfidh do dhochtúir agus d'aturnae dearbhú a shíniú freisin a dheimhniú go bhfuil an inniúlacht agat chun Cumhacht Sheasmhach Aturnae a dhéanamh. Cuir tús leis trí labhairt le d'aturnae. Beidh d'aturnae in ann thú a threorú tríd an bpróiseas.

Eolas Breise

Chun eolas breise a fháil faoi chumhacht sheasmhach aturnae a dhéanamh, tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Dlí-Chumainn

[www.poconsol.ie/legalservices/
inheritance-law/](http://www.poconsol.ie/legalservices/inheritance-law/)



LAW SOCIETY
OF IRELAND

PRACTISING
SOLICITORS

P. O'CONNOR & SON

solicitors

notary public



QUALITY
I.S. EN ISO 9001:2015
NSAI Certified